Chuig: Príomhoidí agus Cathaoirligh an Bhoird
Gobharnóirí sna scoileanna dheontaschúnta ar fad

Brainse Airgeadais na
Scoileanna
An Roinn Oideachais

10 Deireadh Fómhair 2008

COMHAIRLIÚCHÁN LE SCOILEANNA AR ATHRUITHE FÉIDEARTHA DO BHAINISTÍOCHT ÁITIÚIL AR FHOIRMLE CÓMHAOINITHE NA SCOILEANNA

Is é cuspóir na litreach seo na tuairimí a lorg ón scoil ar athruithe féideartha ar Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna (BÁS) mar a bhaineann leis an bhFoirmle Cómhaoinithe.

Mar is eol duit, tá dualgas reachtaíochta a rialaíonn maoiniú scoileanna a shonraíonn go dtéitear i comhairle le gach scoilroimh athruithe suntasacha ar bith a dhéanamh ar an bhfoirmle socraithe maoinithe reatha. Spreagfaimís do gach scoil an deis a thógáil le bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin seo agus a gcuid tuairimí a chur in iúl dúinn (ag úsáid an fhoirm freagartha arna chur ar fáil) ar na hathruithe molta don Fhoirmle Cómhaoinithe BÁS reatha.

Féach ar an Doiciméad Comhairliúcháin iniata a leagann amach na moltaí maidir le hathruithe fachtóra lena n-áirítear:

a) gur chóir go mbeadh méadú in ualú an Aonaid Dalta Ualaithe ó Thaobh Aoise (AWPU) ó 1.04 go 1.05;

b) gur chóir fachtóir Bunchéime a áireamh san Fhoirmle Cómhaoinithe le hacmhainní a dháileadh chun tacú le Bunchéim an churaclaim bunscoile a sheachadadh; agus

c) gur chóir fachtóir nua *Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile a áireamh san Fhoirmle Cómhaoinithe le hacmhainní a dháileadh ar bhunscoileanna beaga chun cuidiú leo dhá lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad atá scaoilte ó dhualgais mhúinteoireachta a chur ar fáil do Phríomhoidí na scoileanna sin.

NB * ***Má tá sé cinnte go bhfuil an fachtóir maoinithe seo le tabhairt isteach, beidh oiriúnú ag teastáil ar fheidhmiú reatha fachtóra Tacaíochta na Scoileanna Beaga do bhunscoileanna mar atá sonraithe in Ailt 3.7 agus 3.10 go 3.12 san Doiciméad Comhairliúcháin iniata.***

Níl athrú ar bith á mholadh ar an bhfoirmle socraithe maoinithe reatha maidir le fachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga in iar-bhunscoileanna.

Tá creatlach de shocruithe maoinithe reatha le fáil sa Doiciméad Comhairliúcháin, chomh maith le haidhmeanna na n-athruithe molta, léiriúcháin ar thionchair féideartha an mhaoinithe ag eascairt ó athruithe molta, agus Foirm Freagartha do gach scoil lena dtuairimí ar na moltaí a nochtadh.

Bhí na moltaí seo á phlé leis na príomhchomhlachtaí páirtíochta ar Ghrúpa Stiúrtha BÁS, agus leis an gCoiste Oideachais.

Tá sé tábhachtach a shonrú go bhfuil na torthaí maoinithe léirithe bunaithe ar líon na ndaltaí agus sonraí scoile eile atá úsáidte do chuspóirí an fhoirmle cómhaoinithe in 2008/09. Beidh tionchar iarbhír na n-athruithe molta do mhaoiniú in 2009/10 ag brath ar:

- an maoiniú foriomlán atá ar fáil le dáileadh ar na scoileanna ar fad in 2009/10; agus
- próifíl na ndaltaí agus scoileanna atá á maoiniú in 2009/10.

Beidh athrú ar bith ar na socruithe maoinithe reatha le faomhadh ag an Aire agus ní dhéanfar cinneadh sula ndéantar freagraí an chomhairliúcháin a bhreithniú go cúramach agus breathnú ar an tionchar féideartha a bheadh ag na hathruithe seo ar scaireanna an bhuiséid trasna na scoileanna ar fad. Bheadh na hathruithe faofa forfheidhmithe ansin do leithdháiltí maoinithe ón mbliain airgeadais 2009/10.

Socruithe comhairliúcháin

Tá Foirm Freagartha soláthraithe chun cumasú do bhur scoil na tuairimí agus barúlacha atá agaibh a dhéanamh maidir le hathruithe molta don Fhoirmle Cómhaoinithe. Is féidir tuairimí ar ghnéithe ar bith eile den Scéim Cómhaoinithe reatha a chur faoi bhráid ag baint leasa as cuid 2 den Fhoirm Freagartha.

Iarrtar ar bhur scoil freagra amháin a thabhairt, atá sínithe ar son an Bhoird Gobharnóirí, agus an Fhoirm Freagartha comhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuig d'Údarás Maoinithe (féach an liosta thíos) **ar nó roimh an spriocdháta 12 Nollaig 2008**.

Ba chóir go mbeifeá feasach faoin gCód Oscailte Rialtais reatha agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2005, go bhféadfaí do fhreagra ar an gcomhairliúchán a chur ar fáil don phobal ar iarratas.

Saincheisteanna Comhionannais

Tá gníomh scagthástála Comhionannais agus Cearta Daonna comhlíonta ag an Roinn ar athruithe féideartha san Fhoirmle Cómhaoinithe go bhféadfaí a

fhorfheidhmiú an bhliain seo chugainn. Níl tionchar ag na hathruithe molta ar chuspóirí an bheartais agus eochairphrionsabail an Chómhaoinithe, lena n-áirítear; scoileanna a mhaoiniú de réir an riachtanais choibhneasta agus ar bhealach a mhaolaíonn ar mhíbhuntáiste sóisialta; dáileadh cothrom maoinithe a sholáthar do gach scoil, is cuma cén suíomh; agus tacú le beartas na luath-idirghabhála.

Is í tuairim na Roinne nach mbeidh drochthionchar difreálaigh ag athruithe ar bith atá molta ar chomhionannas deiseanna. Má shíleann tú go bhfuil nó go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag moltaí ar bith, bheadh sé cuiditheach na cúiseanna imní atá agat a shonrú agus cén fáth a airíonn tú go bhféadfadh tionchar difreálaigh a bheith ar cheann ar bith de naoi ghrúpa Ailt 75 (tá liosta iomlán ar fáil ag http://www.opsi.gov.uk/ACTS/acts1998/).

Ba mhaith leis an Roinn arís spreagadh a thabhairt do gach scoil an deis a thógáil le bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin seo agus a gcuid tuairimí a chur in iúl dúinn ag baint leasa as an bhFoirm Freagartha.

Meabhraigh le do thoil go gcaithfidh an tÚdarás Maoinithe ábhartha na freagraí ar fad a fháil faoin spriocdháta **12 Nollaig 2008**.

Le dea-mhéin

Roisin Lilley
Ceann Brainse Airgeadais na Scoileanna

TEAGMHÁLACHA AGUS LÍON NA BHFREAGRAÍ

Tá gach Údarás Maoinithe ag comhairliú lena scoileanna go díreach, agus ba chóir duit cinntiú go seoltar an fhoirm freagartha chuig an teagmhálaí cuí:

CINEÁL SCOILE	**Údarás Maoinithe** (sonraí teagmhála thíos)
Scoileanna **Rialaithe** – naíolann, bunscoil, meánscoil (lena n-áirítear scoileanna rialaithe gramadaí, imeasctha agus trí mheán na Gaeilge)	Bord Oideachais agus Leabharlainne iomchuí
Scoileanna **Cothabháilte** – naíolann, bunscoil, meánscoil (lena n-áirítear scoileanna cothabháilte eile agus trí mheán na Gaeilge)	Bord Oideachais agus Leabharlainne iomchuí
Scoileanna Deonacha Gramadaí	Airgeadas na Scoileanna RO
Scoileanna **Imeasctha faoi Chothabháil Stáit**	Airgeadas na Scoileanna RO

Ba chóir ceisteanna ar ghné ar bith den chomhairliúchán a iarraidh ar an Údarás Maoinithe ábhartha.

Bord Oideachais & Leabharlainne Bhéal Feirste Jennifer Henderson Oifigeach BÁS Teileafón: 028 9056 4242 JenniferH@belb.co.uk	**Bord Oideachais & Leabharlainne an Oirthuaiscirt** Marbeth Kilpatrick Ceann LMS Teileafón: 028 25 662 370 marbeth.kilpatrick@neelb.org.uk
Bord Oideachais & Leabharlainne an Deiscirt Sandra Owens Ceann LMS Teileafón: 028 3751 2508 Sandra.owens@selb.org	**Bord Oideachais & Leabharlainne an Oirdheiscirt** Lisa Cross Oifigeach Sinsearach Riaracháin BÁS Teileafón: 028 9056 6337 lisa.cross@seelb.org.uk
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair Sean Rodgers Oifigeach Airgeadais BÁS Teileafón: 028 82 411 331 sean_rodgers@welbni.org	**An Roinn Oideachais** Stephen Duffin Brainse Airgeadais na Scoileanna Teileafón: 028 9127 9627 Stephen.duffin@deni.gov.uk

Tá cóipeanna den Scéim Cómhaoinithe, lena n-airítear naisc chuig reachtaíocht agus doiciméadúchán Comhairliúcháin ábhartha, le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais:

www.deni.gov.uk/schools/schools funding/common funding consultations

Mura bhfuil an doiciméadúchán i bhformáid a shásaíonn do chuid riachtanais, téigh i dteagmháil le do thoil le teagmháil iomchuí an Údaráis Áitiúil (sonraí thuas), nó go díreach le:

Ken Reid
Brainse Airgeadais na Scoileanna
An Roinn Oideachais
Teileafón: 028 91279665
Ríomhphost
ken.reid@deni.gov.uk